An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Ioncam Bunúsach do na hEalaíona

## Tuarascáil ar an gComhairliúchán Poiblí

Márta 2022

# Clár


1. Intreoir ..... 2
   - 1.1 Próiseas Comhairliúcháin ..... 2
   - 1.2 Sonraí freagartha ..... 3
2. Cuspóirí ..... 4
3. Incháilitheacht ..... 5
4. Próiseas Roghnúcháin agus Ráta Íocaíochta ..... 8
5. Taighde agus Measúnú ..... 9
6. Ceisteanna Eile ..... 11

Nóta Buíochais ..... 11

Aguisín 1 ..... 12

# 1. Réamhrá

## 1.1 Próiseas Comhairliúcháin

Osclaíodh comhairliúchán ar líne maidir leis an scéim phíolótach Ioncam Bunúsach do na hEalaíona atá le teacht ar an 6 Eanáir 2022 agus dúnadh í ar an 27 Eanáir 2022, tar éis fóram rathúil páirtithe leasmhara ar an 15 Nollaig 2021, áit ar tháinig breis agus 150 rannpháirtí ó 50 foras ionadaíocha ealaíontóirí agus oibrithe acmhainne ealaíon le chéile chun an togra a phlé agus a dtuairimí agus aiseolas a thabhairt don Aire agus dá Roinn.

Ba é cuspóir an chomhairliúcháin ar líne a chinntiú go mbeadh deis ag an bpobal i gcoitinne, ealaíontóirí, agus iad siúd atá ag obair in earnáil na n-ealaíon agus an chultúir cur le forbairt beartais don scéim phíolótach agus moltaí a thairiscint óna dtaithí mar ealaíontóirí, oibrithe ealaíon agus baill de na heagraíochtaí acmhainne ar cheisteanna tábhachtacha amhail cuspóirí na scéime, critéir incháilitheachta, tacú le healaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus freagrachtaí rannpháirtithe.

Tá an Roinn buíoch as scála agus caighdeán na dtuairimí a cuireadh in iúl mar chuid den chomhairliúchán poiblí maidir le cuspóirí molta na scéime, agus tá sí ag obair chun tuairimí a cuireadh in iúl a chur i bhfeidhm sa dearadh píolótach deiridh, lena n-áirítear an scéim agus an plean taighde a ghabhann léi.

## 1.2 Sonraí Freagartha

### Amlíne

Fuarthas 1,251 aighneacht san iomlán trí thairseach EUSurvey ar líne, agus fuarthas 18 n-aighneacht trí ríomhphost, as 1,269 aighneacht ar an iomlán.

Fuarthas an sciar ba mhó de na haighneachtaí ar an 6 Eanáir 2022, an lá a osclaíodh an comhairliúchán.

### Dáileadh

Fuarthas beagnach 90% de na haighneachtaí ó ealaíontóirí agus ó oibrithe sna healaíona cruthaitheacha, chuir eagraíochtaí 4% eile isteach agus chuir baill den phobal 7% isteach.




### Freagraí ó Bhaill den Phobal

Fuarthas 89 freagra uathu siúd a chuir iad féin in aithne mar "bhall den phobal". As na freagraí seo, léirigh tromlach mór tacaíocht don scéim mar a moladh, mar atá leagtha amach i bPlépháipéar na bPáirtithe Leasmhara, agus níor thug ach 8 bhfreagróirí freagraí an-diúltach ar an togra.

### Foirmeacha Ealaíne

Fiafraíodh d'ealaíontóirí agus d'oibrithe sna healaíona cruthaitheacha cad iad na foirm(eacha) ealaíne a n-oibríonn siad go príomha iontu. Thug rogha "eile" deis dóibh catagóir eile a lua. Oibríonn formhór mór (1,676) na n-ealaíontóirí agus na n-oibrithe sna healaíona cruthaitheacha a d'fhreagair sna hamharcealaíona, sa cheol, sa scannánaíocht, san amharclannaíocht, sa litríocht nó in earnáil ildisciplíneach.

## 2. Cuspóirí

Cuireadh ceisteanna ar fhreagróirí sa chomhairliúchán maidir le cuspóirí sonraithe na scéime. I bhfianaise líon mór na bhfreagraí ar an gcomhairliúchán ar líne, rinneadh anailís ar an meon a léiríodh i bhfreagraí na ceiste seo ar dtús chun an cineál teanga a úsáideadh sna freagraí a thuiscint. Tá toradh air seo leagtha amach sa tábla thíos.

| Teanga Dhearfach | Teanga Dhiúltach |
|---|---|
| 63% | 37% |

Tá anailís mar seo ar an meon a léiríodh úsáideach chun forbhreathnú a dhéanamh ar fhreagraí an tsuirbhé, ach tá sé tábhachtach a thuiscint nach gcuireann an cineál anailíse seo comhthéacs leathan gach freagra san áireamh, go bhféachann sé go simplí ar mheon na bhfocal ina n-aonar. [1]

Fuarthas 89 freagra uathu siúd a chuir iad féin in aithne mar "bhall den phobal". As na freagraí seo, is fiú a thabhairt faoi deara gur léirigh tromlach mór tacaíocht don scéim mar a moladh, mar atá leagtha amach i bPlépháipéar na bPáirtithe Leasmhara, agus níor thug ach 8 bhfreagróirí freagraí an-diúltach ar an togra.

I measc na bpríomhthéamaí agus na bpríomhcheisteanna a cuireadh in iúl sa chuid seo bhí:

- Íocaíochtaí Chosaint Shóisialta;
- Fiontraíocht;
- Folláine;
- Dearcadh poiblí agus earnála ar fhaighteoirí Ioncam Bunúsach d'Ealaíontóirí.

Maidir le cuspóirí breise a mholadh ba iad na príomhthéamaí a tháinig aníos roinnt mhaith uaireanta ná:

- fócas na oibre a athrú;
- forbairt ealaíonta agus chruthaitheach;
- meabhairshláinte;
- rannpháirtíocht an phobail.

Luaigh freagróirí freisin go bhféadfadh éifeachtaí geografacha a bheith ag an scéim (idir náisiúnta agus idirnáisiúnta); éifeachtaí san earnáil agus i dtionscail eile amhail turasóireacht agus fáilteachas; tionchair ar phá agus ar mhargadh na healaíne agus luadh ceisteanna maidir le héagsúlacht eitneachta sa scéim. Thug na freagróirí le fios go bhféadfaí na hábhair seo a chur san áireamh sna

[1] Ar an ábhar sin, ní thugann sé cuntas iomlán ar na freagraí sin a d'fhéadfadh, mar shampla, a bheith i bhfabhar na gcuspóirí go ginearálta ach a chuimsíonn eolas faoi na deacrachtaí a bhíonn ag freagróirí suirbhé. Mar an gcéanna b'fhéidir nach dtabharfadh sé cuntas iomlán ar fhreagraí nach bhfuil i bhfabhar na gcuspóirí ina n-iomláine, ach a d'fhéadfadh a bheith dearfach maidir le gnéithe áirithe de na cuspóirí. Ina theannta sin, ní chuireann an cineál seo anailíse san áireamh úsáidí neamhghnácha eile teanga cosúil le searbhas, béarlagair, nathanna cainte nó débhríocht.

cuspóirí comhthéacs chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar scéim phíolótach Ioncam Bunúsach do na hEalaíona.

# 3. Incháilitheacht

Cosúil leis an gcéad cheist sa chomhairliúchán, rinneadh anailís ar an meon a léiríodh i bhfreagraí na ceiste seo ar dtús chun an cineál teanga a úsáideadh sna freagraí a thuiscint.

| Teanga Dhearfach | Teanga Dhiúltach |
|---|---|
| 60% | 40% |

Chun na ceisteanna a ardaíodh a fhiosrú ar bhealach níos mine, leagtar amach sna táblaí seo a leanas na príomhthéamaí agus na príomhcheisteanna a d'eascair as na freagraí comhairliúcháin faoi Incháilitheacht.

3.1 Leagtar amach sa tábla seo a leanas na gairmeacha is minice a luaitear i bhfreagraí comhairliúcháin nach bhfuil cur síos orthu faoi láthair, ar mheas freagróirí gur cheart iad a áireamh.

| Gairm | Líon |
|---|---|
| Léiritheoir | 50 |
| Innealtóir fuaime/dearthóir | 48 |
| Ceird | 44 |
| Beochan | 41 |
| Bainisteoir stáitse | 40 |
| Soilsiú | 34 |
| Dearthóir cluiche | 28 |
| Teilifís | 25 |
| Teicneoirí | 24 |
| Na hEalaíona Dúchasacha | 22 |
| Ealaíona Pobail | 19 |
| Cumadóir | 17 |
| Ealaín dhigiteach/na meáin | 16 |
| Feisteas | 16 |
| Drámadóir | 16 |
| Coiméide | 15 |
| Filí | 15 |
| Comhairliúchán amharclainne | 12 |
| Coimeádaithe | 12 |
| Puipeadóireacht | 12 |
| Eagarthóir/eagarthóireacht | 12 |
| Grianghrafadóireacht | 11 |
| Scéalaíocht | 11 |
| Maisiú | 9 |
| Dearadh grafach | 9 |

| | |
|---|---|
| Faisean | 8 |
| Déantóir Macasamhlacha | 8 |
| Smideoirí | 7 |
| Dealbhóireacht | 7 |
| Criticeoirí | 6 |
| San aer | 5 |
| Draíodóirí | 5 |
| Úrscéal grafach | 5 |
| Ealaín ildhisciplíneach | 5 |
| Déanamh seodra | 5 |
| Ealaíontóirí radharcra | 5 |
| Adhmadóireacht | 4 |
| Raidió/guthú | 3 |

3.2 Leagtar amach sa tábla seo a leanas na rudaí is minice a luaitear i bhfreagraí comhairliúcháin mar fhreagra ar an gceist faoi mheicníochtaí cuí chun fianaise incháilitheachta a sholáthar, sa chás nach comhalta d'eagraíocht deimhniúcháin aitheanta an t-iarratasóir.

| Cineál | Líon |
|---|---|
| Obair | 571 |
| CV | 434 |
| Ioncam | 301 |
| Teistiméireachtaí | 282 |
| Dea-theist | 174 |
| Portfóilió | 145 |
| Cáilíocht | 118 |

Bhí raon freagraí ann a thacaigh leis na cruthúnais shamplacha a liostaítear sa cheist agus cuireadh imní in iúl faoi iarraidh ar na hiarratasóirí ar fad na rudaí seo go léir nó ceann faoi leith a sholáthar.

3.3 Mar fhreagra ar an gceist an bhfuil aon ealaíontóirí nó oibrithe sna healaíona cruthaitheacha a d'fhéadfadh a bheith incháilithe a d'fhéadfaí a fhágáil as an scéim trí úsáid a bhaint as meicníochtaí den sórt sin tháinig na téarmaí seo a leanas chun cinn sna freagraí.

| Cineál | Líon |
|---|---|
| Ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn | 21 |
| Maoiniú na Comhairle Ealaíon | 17 |
| Amharc-ealaíontóirí | 9 |
| Ealaíontóirí atá i mbun forbartha | 8 |
| Ealaíontóirí coimhthíocha | 6 |

3.4 Bhraith na freagróirí gurb iad seo a leanas na meicníochtaí is oiriúnaí d’ealaíontóir atá i mbéal forbartha chun fianaise a sholáthar gur ealaíontóir i mbéal forbartha iad.

| Cineál | Líon |
|---|---|
| Obair | 557 |
| Portfóilió | 221 |
| CV | 125 |
| Teistiméireachtaí | 106 |
| Traenáil | 90 |
| Oideachas | 54 |
| Cáilíocht | 50 |

Chreid siad gurb iad seo a leanas na meicníochtaí is oiriúnaí d'ealaíontóirí i mbéal forbartha chun fianaise a sholáthar go bhfuil sé beartaithe acu oibriú i réimsí na n-amharc-ealaíon, na hamharclainne, na litríochta, an cheoil, an damhsa, na ceoldrámaíochta, na scannánaíochta, an tsorcais nó na hailtireachta.

| Cineál | Líon |
|---|---|
| Obair | 372 |
| Portfóilió | 132 |
| Plean | 90 |
| Teistiméireachtaí | 68 |
| Iarratais | 65 |
| Traenáil | 57 |
| Taithí | 56 |

# 4. An Próiseas Roghnúcháin agus Ráta Íocaíochtaí

Measann formhór na bhfreagróirí go dtugann an próiseas roghnúcháin randamaigh mar a leagtar amach é cothrom na féinne do chách.

Ag teacht le prionsabail an bhunioncaim, tuigeann an Roinn an gá atá le cinntiú go mbreithnítear gach iarratasóir incháilithe go cothrom agus gan breithiúnas claonta a dhéanamh maidir lena saothar ealaíne nó cruthaitheach. Mar sin glacfaidh an Roinn modheolaíocht roghnúcháin randamaigh chun na grúpaí cóireála agus cóimheasa a chinneadh don scéim phíolótach.

Mar fhreagra ar an gceist: *An bhfuil aon tuairimí agat faoin leibhéal cuí íocaíochta nó faoin líon uaireanta in aghaidh na seachtaine ar cheart rannpháirtithe a íoc astu?* Fuarthas na sciartha freagraí seo a leanas.

| Cineál | Líon |
|---|---|
| 40 uair | 201 |
| 30 uair | 93 |
| 35 uair | 82 |
| 20 uair | 70 |

| Cineál | Líon |
|---|---|
| €10.50 san uair | 127 |
| €12.90 san uair | 64 |

| Cineál | Líon |
|---|---|
| Pá Íosta | 404 |
| Pá Maireachtála | 263 |

## 5. Taighde agus Measúnú

Sa chuid seo, iarradh ar fhreagróirí a dtuairimí a thabhairt maidir leis an eolas a bheidh ag faighteoirí agus na freagrachtaí a bheidh ar fhaighteoirí agus conas ba cheart na sonraí sin a bhailiú. Rinneadh roinnt moltaí agus, mar a bhí le Fóram na bPáirtithe Leasmhara, cuireadh in iúl gurbh fhearr go mbeadh an modh bailiúcháin oscailte agus inrochtana. I measc na moltaí chun é seo a chumasú bhí ceistneoirí, suirbhéanna gearra, tuairiscí, físagallaimh, nuashonruithe bunaithe ar íomhánna, irisí seachtainiúla, tairseach ar líne do gach rannpháirtí etc.

| Cineál | Líon |
|---|---|
| Am | 96 |
| Ceisteanna | 82 |
| Ioncam | 75 |
| Ar líne | 58 |
| Suirbhé | 58 |
| Folláine | 58 |
| Uaireanta an chloig | 49 |
| Foirm | 29 |
| Cáilíochtúil | 27 |
| Grúpaí Fócais | 26 |
| Meabhairshláinte | 24 |

Mhol freagróirí ceisteanna éagsúla a d'fhéadfaí a chur san áireamh in iarrachtaí taighde na Roinne. Moladh go gcaitear a bheith cúramach maidir le húsáid téarma na táirgiúlachta. Go háirithe cuireadh tuairimí in iúl faoin gcaoi a dtéann Ioncam Bunúsach d'Ealaíontóirí i bhfeidhm ar mhothúcháin gach duine aonair maidir le slándáil, folláine, aitheantas, cleachtas, costais airgeadais cleachtais agus chomh maith leis sin conas a bhraitheann faighteoirí cumasaithe faoi dhul i mbun a gcleachtais ar bhealach níos leithne sa phobal.

Maidir leis na meicníochtaí cuí chun rannpháirtíocht i gcleachtas a léiriú le linn an taighde ba iad seo a leanas na príomhthéarmaí a úsáideadh.

| Cineál | Líon |
|---|---|
| Obair | 468 |
| Ioncam | 334 |
| Tuillte | 143 |
| Am | 74 |
| Tuarascáil (Tuarascáil ar an gCleachtas san áireamh) | 73 |
| Taispeántais | 47 |

Mar fhreagra ar na cineálacha sonraí a bheadh úsáideach chun baint amach chuspóirí na scéime a thomhas, luadh na cineálacha sonraí seo a leanas.

| Cineál | Líon |
| --- | --- |
| Obair | 313 |
| Ioncam | 106 |
| Am | 94 |
| Aschur/obair chruthaitheach | 58 |
| Tionscadail | 49 |
| Uaireanta an chloig | 45 |
| Aschur | 36 |
| Poiblí | 35 |
| Rannpháirtíocht | 35 |
| Taispeántais | 35 |
| Caighdeán (Caighdeán saoil san áireamh) | 34 |
| Poiblíocht sna meáin (na meáin shóisialta san áireamh) | 33 |
| Sláinte | 31 |

Bhraith an chuid is mó de na freagróirí gur cheart sonraí a bhailiú gach bliain. Leagtar amach sa tábla thíos na tréimhsí ama is coitianta a luadh le haghaidh bailiú sonraí agus líon na bhfreagraí inar luadh gach ceann díobh.

| Cineál | Líon |
| --- | --- |
| Go bliantúil | 495 |
| 6 mhí | 208 |
| 3 mhí (go ráithiúil san áireamh) | 184 |
| Go míosúil | 38 |

Tá an Roinn i mbun plean cuimsitheach taighde a thabhairt chun críche, agus beidh na tuairimí a nochtadh sa chomhairliúchán poiblí ina ionchur tábhachtach i ndearadh an phróisis mheastóireachta. Foilseofar léargas ar an gclár píolótach taighde, lena n-áirítear riachtanais d'iarratasóirí ionchasacha, nuair a sheolfar an scéim.

## 6. Ceisteanna Eile

Fiafraíodh de na freagróirí an bhfuil sé i gceist acu cur isteach ar an scéim agus iarradh orthu cúis a thabhairt lena bhfreagra. Fiafraíodh díobh freisin an raibh aon rud eile le cur lena gcuid freagraí ar an gcomhairliúchán.

| Tá | Níl | Níor tugadh freagra |
|---|---|---|
| 971 (87.7%) | 89 (8%) | 47 (4.2%) |

## Nóta Buíochais

Is mian leis an Roinn buíochas a ghabháil leis na healaíontóirí go léir a d'fhreagair, na hoibrithe sna healaíona cruthaitheacha, baill den phobal agus eagraíochtaí as an am a ghlacadh chun freagraí a sholáthar mar chuid den chomhairliúchán poiblí maidir le hIoncam Bunúsach do na hEalaíona.

Chuir scála agus ardchaighdeán an aiseolais agus na moltaí cuiditheacha a fuarthas mar chuid den phróiseas seo ionchur úsáideach ar fáil d'oifigigh na Roinne agus an tionscadal píolótach á thabhairt chun críche.

# Aguisín 1

- An bhfuil tú rannpháirteach mar ealaíontóir nó oibrí ealaíon cruthaitheach, mar bhall den phobal, nó thar ceann eagraíochta?
- Cé acu foirm(eacha) ealaíne ina n-oibríonn tú go príomha?
- Cad iad na tuairimí atá agat/ag d'eagraíocht ar na cuspóirí foriomlána mar atá siad leagtha amach?
- Cad iad na tuairimí atá agat/ag d'eagraíocht ar na sruthanna molta?
- An bhfuil aon chuspóirí breise ann a chreideann tú gur cheart a áireamh sna cuspóirí foriomlána nó sna cuspóirí a bhaineann go sonrach le sruth?
- An bhfuil aon chuspóirí breise ann a chreideann tú gur cheart a chur san áireamh sna cuspóirí foriomlána nó sna cuspóirí a bhaineann go sonrach le sruth?
- An bhfuil aon bhreithnithe eile a gcreideann tú a bhféadfadh tionchar a bheith ag an scéim phíolótach ar bhunioncam do na healaíona orthu, ar cheart mar sin a chur san áireamh sna cuspóirí comhthéacs le haghaidh monatóireachta agus measúnaithe ag an Roinn?
- An bhfuil aon ghairmeacha breise, nach bhfuil cuntas tugtha orthu faoi láthair, a chomhlíonann an sainmhíniú ar léiriú cruthaitheach nó léirmhíniú sna hamharcealaíona, san amharclannaíocht, sa litríocht, sa cheol, sa rince, sa cheoldráma, sa scannánaíocht, sa sorcas nó san ailtireacht, ar cheart a chur san áireamh ar an liosta seo?
- Cad í an mheicníocht is oiriúnaí chun fianaise incháilitheachta a sholáthar, sa chás nach comhalta d'eagraíocht deimhniúcháin aitheanta iarratasóir e.g. CV/teistiméireachtaí chun dea-theist a léiriú, cruthúnas ar ioncam a tuilleadh ó obair sna healaíona, cáilíocht a bronnadh le déanaí?
- Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na meicníochtaí féideartha éagsúla, lena n-áirítear úsáid teistiméireachtaí, cruthúnas ar ioncam tuillte, maoiniú ón gcomhairle ealaíon a fháil, cáilíochtaí ábhartha, agus curricula vitae?
- An bhfuil aon ealaíontóirí incháilithe nó oibrithe ealaíon cruthaitheacha a d'fhéadfaí a fhágáil amach ón scéim trí úsáid a bhaint as meicníochtaí dá leithéid?
- Conas is fearr a shainítear "léiriú cruthaitheach nó léirmhíniú"?
- Céard iad na meicníochtaí is oiriúnaí d'ealaíontóir atá i mbéal forbartha chun fianaise a sholáthar gur ealaíontóir i mbéal forbartha iad?
- Céard iad na meicníochtaí is oiriúnaí d'ealaíontóirí i mbéal forbartha chun fianaise a sholáthar go bhfuil sé beartaithe acu oibriú i réimsí na n-amharcealaíon, na hamharclainne, na litríochta, an cheoil, an damhsa, na ceoldrámaíochta, na scannánaíochta, an tsorcais nó na hailtireachta?

- An bhfuil breithnithe eile ar cheart cuntas a thabhairt orthu i ndearadh na scéime deiridh?
- An bhfuil aon tuairimí agat ar an bpróiseas molta roghnúcháin?
- An bhfuil aon tuairimí agat faoin leibhéal cuí íocaíochta nó faoin líon uaireanta in aghaidh na seachtaine ar cheart rannpháirtithe a íoc astu?
- An bhfuil aon tuairimí agat faoi na freagrachtaí atá beartaithe do rannpháirtithe na scéime chun dul i mbun iarrachtaí taighde na Roinne?
- An bhfuil aon tuairimí agat ar na meicníochtaí bailithe sonraí is oiriúnaí, nó ar cheisteanna sonracha ar cheart a chur san áireamh in iarrachtaí taighde na Roinne?
- Agus tú ag smaoineamh siar ar chuspóirí na scéime, an bhfuil aon cheisteanna faoi leith a cheapann tú gur cheart a chur san áireamh mar chuid d'iarrachtaí taighde na Roinne?
- An bhfuil aon tuairimí agat faoi na meicníochtaí cuí trína bhféadfadh rannpháirtithe rannpháirtíocht fhiúntach a léiriú ina gcleachtas ealaíon nó ina n-obair chruthaitheach ealaíon e.g. ioncam tuillte ó na healaíona?
- Cad iad na cineálacha sonraí a bheadh úsáideach chun baint amach chuspóirí na scéime a thomhas a bheadh úsáideach agus praiticiúil do rannpháirtithe a sholáthar?
- Cad is eatramh cuí ann chun faisnéis den sórt sin a bhailiú?

- An gceapann tú go ndéanfaidh tú iarratais ar pháirt a ghlacadh sa chlár píolótach Ioncam Bunúsach do na hEalaíona? Cén fáth?
- Tar éis duit an comhairliúchán ar líne seo a chur i gcrích, an bhfuil aon cheist eile a bhaineann le do chleachtas nó leis an gclár píolótach ar mhaith leat tuilleadh eolais a sholáthar ina leith?